Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Márta 2024**
**(OR. en)**

**7749/24**

**AGRI 226**
**AGRIORG 35**
**POLCOM 103**
**DELACT 56**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Márta 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2024) 1499 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN<br>an 13.3.2024<br>lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le roinnt forálacha i ndiaidh an chomhaontaithe saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn agus forálacha atá imithe i léig a scriosadh a mhéid a bhaineann le taraif-chuóta onnmhairiúcháin le haghaidh púdar bainne |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2024) 1499 final.

---

Faoi iamh: C(2024) 1499 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.3.2024
C(2024) 1499 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 13.3.2024**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le roinnt forálacha i ndiaidh an chomhaontaithe saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn agus forálacha atá imithe i léig a scriosadh a mhéid a bhaineann le taraif-chuóta onnmhairiúcháin le haghaidh púdar bainne**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 ón gCoimisiún leagtar síos rialacha áirithe a mhéid a bhaineann le riar taraif-chuótaí atá faoi réir ceadúnas.

Sa Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn tugadh isteach roinnt taraif-chuótaí nua agus leasaíodh roinnt taraif-chuótaí tír-shonracha EDT le haghaidh táirgí de thionscnamh na Nua-Shéalainne.

Is iad na taraif-chuótaí leasaithe atá ann cheana na cinn sin a bhfuil na sraithuimhreacha 09.4182 agus 09.4195 acu.

Chun na taraif-chuótaí nua a bhainistiú, tugtar isteach leis an gComhaontú deimhniú incháilitheachta a bheidh le heisiúint ag an Nua-Shéalainn.

Ní mór na hathruithe thuas a léiriú i Rialachán (AE) 2020/760 trí chuid de na forálacha maidir le taraif-chuótaí 09.4182 agus 09.4195 a scriosadh agus trí na forálacha maidir le fógraí a thabhairt don Choimisiún a leasú.

Chomh maith leis sin, ba cheart an taraif-chuóta onnmhairiúcháin le haghaidh púdar bainne a d'oscail an Phoblacht Dhoiminiceach a scriosadh, toisc gur baineadh an cuóta onnmhairiúcháin i gceist in 2023.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Cuireadh an gníomh tarmligthe seo i láthair agus pléadh é le saineolaithe ag GREX (Grúpa Saineolaithe) – Ceisteanna cothrománacha maidir le cruinnithe CBT an 13 Nollaig 2023, an 17 Eanáir agus an 21 Feabhra 2024.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Déantar foráil sa ghníomh tarmligthe seo maidir le hAirteagal 4, pointe (c) agus Airteagal 8(2), pointí (c), (e) agus (f) a scriosadh, agus maidir le hAirteagal 17, pointe (g) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 a leasú.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 13.3.2024**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le roinnt forálacha i ndiaidh an chomhaontaithe saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn agus forálacha atá imithe i léig a scriosadh a mhéid a bhaineann le taraif-chuóta onnmhairiúcháin le haghaidh púdar bainne**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 186 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 ón gCoimisiún[2], déantar forlíonadh ar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le riar na dtaraif-chuótaí ar allmhairí agus ar onnmhairí le haghaidh táirgí talmhaíochta faoi réir ceadúnas.

(2) Tá forálacha i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 a mhéid a bhaineann le taraif-chuóta onnmhairiúcháin le haghaidh púdar bainne a d’oscail an Phoblacht Dhoiminiceach. Baineadh an cuóta onnmhairiúcháin sin de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún[3] le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/953 ón gCoimisiún[4]. Dá bhrí sin, ba cheart na forálacha maidir leis an gcuóta onnmhairiúcháin sin i Rialachán (AE) 2020/760 a scriosadh.

---

1 IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj

2 Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le riar taraif-chuótaí ar allmhairí agus onnmhairí atá faoi réir ceadúnas agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hurrúis a thaisceadh agus taraif-chuótaí á riar (IO L 185, 12.6.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/760/oj).

3 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1306/2013, (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas bainistíochta na dtaraif-chuótaí le ceadúnais (IO L 185, 12.6.2020, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/761/oj).

4 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/953 ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 a mhéid a bhaineann leis na rialacha lena rialaítear an taraif-chuóta chun púdar bainne a onnmhairiú chuig an bPoblacht Dhoiminiceach (IO L 128, 15.5.2023, lch. 81, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/953/oj).

(3) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2024/244 ón gComhairle[5], tugadh an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn (‘an Comhaontú’) i gcrích an 27 Samhain 2023.

(4) Leis an gComhaontú leasaítear na taraif-chuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.4182 agus 09.4195 acu, agus tugtar isteach deimhniú incháilitheachta a bheidh le heisiúint ag an Nua-Shéalainn. Ba cheart na hathruithe sin a léiriú i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760**

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 mar a leanas:

(1) in Airteagal 4, scriostar pointe (c);

(2) in Airteagal 8(2), scriostar pointí (c), (e) agus (f);

(3) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

‘(g) i gcás taraif-chuótaí ar allmhairí arna riar le doiciméid arna n-eisiúint ag tríú tíortha, le haghaidh gach deimhniú barántúlachta, deimhniú ar Shocrú Faireacháin Isteach (‘IMA 1’), nó deimhniú incháilitheachta dá dtagraítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 arna dtaisceadh ag oibreoir, an líon ceadúnas comhfhreagrach arna n-eisiúint agus na cainníochtaí a chumhdaítear.’.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [XX XXX 2024] [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta theacht i bhfeidhm = dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a chuirfear in iúl d’Oifig na bhFoilseachán i ndeireadh na tréimhse grinnscrúdaithe*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13.3.2024

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*

[5] Cinneadh (AE) 202244 ón gComhairle an 27 Samhain 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn (IO L 2024/244, 28.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/244/oj).